Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0194 (COD)**

**9589/18**
**ADD 1**

**GAF 23**
**FIN 422**
**CADREFIN 59**
**CODEC 917**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 369 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles 2020') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 369 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2018) 369 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2018
COM(2018) 369 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles 2020')**

{SWD(2018) 281 final}

GA GA

## IARSCRÍBHINN

## TÁSCAIRÍ LE hAGHAIDH MHEASTÓIREACHT AN CHLÁIR

Déanfar faireachán grinn ar an gClár ar bhonn tacar táscairí arb é is feidhm dóibh baint amach chuspóra ghinearálta agus chuspóra shonraigh an Chláir a thomhas agus costais agus ualaí riaracháin a íoslaghdú. Chuige sin, baileofar sonraí a bhaineann leis an tacar príomhtháscairí seo a leanas:

(a) an líon euro góchumtha a braitheadh;

(b) an líon ceardlann neamhdhleathach a cuireadh ó mhaith; agus

(c) aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gClár.

Ag seo na sonraí agus an t-eolas le haghaidh na bpríomhtháscairí feidhmíochta a bhaileoidh na gníomhaithe gach bliain:

- is é an Coimisiún a bhaileoidh na sonraí a bhaineann leis an líon nótaí bainc agus monaí euro góchumtha;
- is é an Coimisiún a bhaileoidh na sonraí a bhaineann leis an líon ceardlann góchumtha a cuireadh ó mhaith;
- is é an Coimisiún agus tairbhithe an Chláir a bhaileoidh na sonraí a bhaineann leis an aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gClár.